

GA

GA

GA



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 5.5.2010
COIM(2010)204 leagan deireanach
2010/0110 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Aontas

(Códúchán)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. I gcomhthéacs Eoraip na ndaoine, cuireann an Coimisiún an-bhéim ar shimpliú agus ar shoiléiriú dhlí an Aontais ionas go mbeidh sí níos soiléire agus níos so-aimsithe do na saoránaigh agus, dá réir sin, go gcruthófar deiseanna nua dóibh agus seans chun úsáid a bhaint as na cearta sonracha a bhronntar orthu.

Ní féidir an aidhm sin a bhaint amach fad is atá líon mór forálacha a leasaíodh roinnt uaireanta, agus leasuithe suntasacha a bheith i gceist go minic, scaipthe anseo agus ansiúd, rud a fhágann go mbíonn gá le cuardach a dhéanamh ar roinnt de na forálacha sin san ionstraim bhunaidh agus ar roinnt eile acu in ionstraimí leasaitheacha níos déanaí. Is gá, dá bhrí sin, mórobair thaighde a dhéanamh, i bhfoirm comparáide idir go leor ionstraimí éagsúla, , chun na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair a shainaithint.

Ar an gcúis sin, tá gá freisin códú a dhéanamh ar rialacha a leasaíodh go minic má tá an dlí le bheith soiléir agus trédhearcach.

2. Chinn an Coimisiún, da bhrí sin, ar an 1 Aibreán 1987¹, treoir a thabhairt dá fhoireanná rá gur cheart gach gníomh a chódú i ndiaidh deich leasú ar a mhéad, agus cuireadh i bhfios dóibh gur bunriachtanas é seo agus gur cheart féachaint le codú a dhéanamh ag eatraimh is giorra ná sin ar na téacsanna a bhfuil siad freagrach astu lena chinntiú go bhfuil na forálacha iontu soiléir agus so-thuigte.
3. Dearbháíodh an méid sin i gConclúidí Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí i nDún Éideann (Nollaig 1992)² agus cuireadh i bhfios an tábhacht a bhaineann le códú mar go dtugann sé cinnteacht faoin dlí is infheidhme maidir le hábhar ar leith tráth ar leith.

Ní foláir an nós imeachta coitianta a bhaineann le glacadh ghníomhartha an Aontais a chomhlíonadh go huile agus go hiomlán le linn an códú a dhéanamh.

Ós rud é nach ceadmhach athruithe a dhéanamh ar shubstaint na n-ionstraimí lena mbaineann an códúchán, tháinig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar chomhaontú, trí chomhaontú idirinstiúideach dar dáta an 20 Nollaig 1994, go bhféadfar nós imeachta luathaithe a úsáid chun ionstraimí códaithe a ghlacadh go mear.

4. Is éard is cuspóir don togra seo códú a dhéanamh ar Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Chomhphobal³. Glacfaidh an Rialachán nua ionad na ngníomhartha éagsúla a chuimsítear ann⁴; caomhnaítear go huile agus go hiomlán inneachar na ngníomhartha atá á gcódú agus, dá bhrí sin, ní dhéantar ach iad a thabhairt le chéile agus na leasuithe foirmiúla sin amháin a bhfuil gá leo don phróiseas códúcháin féin a dhéanamh.

¹ COIM(87) 868 Miontuairiscí.

² Féach Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Cuid A de na Conclúidí.

³ Arna dhéanamh de bhun na Teachtaireachta ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – Códú an *Acquis communautaire*, COIM(2001) 645 críochnaitheach.

⁴ Féach Iarscríbhinn I a ghabhann leis an togra seo.

5. Rinneadh an togra códúcháin a tharraingt suas ar bhonn réamh-chomhdhlúthú, sna teangacha oifigiúla go léir, ar Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus ar na hionstraimí lena leasaítear é. Is í Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh a rinne an comhdhlúthú sin trí chóras próiseála sonraí. I gcás uimhreacha nua a bheith tugtha do na hAirteagail, taispeántar an comhghaol idir an tseanuimhir agus an uimhir nua i dtábla atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán códaithe.

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Aontas

(Códúchán)

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 46 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁵,

Tar éis dóibh an togra a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach⁶,

De bharr an méid seo a leanas:



- (1) Rinneadh substaint Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Chomhphobal⁷ a leasú roinnt uaireanta⁸. Ar mhaithe le soiléire agus le réasúntacht, ba cheart an Rialachán sin a chódú.

↓ 1612/68 aithris 1 (oiriúnaithe)

- (2) Ba cheart saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Aontas a áirithiú. D'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach bearfaidh sé go ndíothófar aon idirdhealú de bhíthin a náisiúntachta idir oibrithe na mBallstát maidir le fostaíocht, le luach saothair agus le dálaí eile oibre

⁵ IO C [...], [...], lch. [...].

⁶ IO C [...], [...], lch. [...].

⁷ IO L 257, 19.10.1968, lch. 2.

⁸ Féach Iarscríbhinn I.

agus fostaíochta, agus go mbeidh an ceart ag na hoibrithe sin gluaiseacht gan bhac laistigh den Aontas d'fhonn gníomhaíochtaí a shaothrú mar dhaoine fostaithe faoi réir aon teorainneacha a bhfuil call leo ar mhaithe leis an mbeartas poiblí, leis an tslándáil phoiblí nó leis an tsláinte phoiblí.

↓ 1612/68 aithris 2 (oiriúnaithe)

- (3) Ba cheart foráil a dhéanamh lena áirithiú gur féidir na cuspóirí atá leagtha síos in Airteagal 45 agus Airteagal 46 den Chonradh i réimse na saorghluaiseachta a bhaint amach.
-

↓ 1612/68 aithris 3

- (4) Ceart bunúsach is ea an tsaoirse ghluaiseachta ag oibrithe agus ag a dteaghlaigh. Ní foláir soghluaisteacht lucht saothair laistigh den Aontas a bheith ar cheann de na bealaí trína dtugtar an deis don oibrí a dhálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú agus é féin a chur chun cinn sa tsochaí, agus, á dhéanamh sin, cuideoidh sé riachtanais gheilleagair na mBallstát a shásamh. An ceart atá ag gach oibrí de chuid na mBallstát a rogha gníomhaíochta a shaothrú laistigh den Aontas, ba cheart é a dhaingniú.
-

↓ 1612/68 aithris 4

- (5) Ba cheart go mbeadh an ceart sin gan idirdhealú ag gach oibrí buan, oibrí séasúrach agus oibrí trasteorann agus ag na daoine sin a shaothraíonn a ngníomhaíochtaí ar mhaithe le seirbhísí a sholáthar.
-

↓ 1612/68 aithris 5 (oiriúnaithe)

- (6) Chun gur féidir an ceart saorghluaiseachta a fheidhmiú, de réir caighdeán oibiachtúil agus le saoirse agus le dínit, is gá cóir chomhionann a áirithiú i bhfóras agus i ndlí maidir le gach ábhar a bhaineann le gníomhaíochtaí a shaothrú iarbhir mar dhaoine fostaithe agus le hincháilitheacht le haghaidh tithíochta, agus na constaicí ar shoghluaisteacht oibrithe a dhíchur freisin, go háirithe maidir leis na coinníollacha faoina n-imeasctar teaghlach an oibrí sa tír ósta.
-

↓ 1612/68 aithris 6

- (7) Béarfaidh prionsabal an neamh-idirdhealaithe idir oibrithe san Aontas go mbeidh an tosaíocht chéanna maidir le fostaíocht ag náisiúnaigh uile na mBallstát agus atá ag na hoibrithe náisiúnta.

↓ 1612/68 aithris 7 (oiriúnaithe)

- (8) Ar shlí ghinearálta, déantar léargas níos soiléire ar an margadh saothair a áirithiú leis an gcóras imréitigh folúntas, go háirithe trí chomhar díreach idir na seirbhísí fostaíochta lárnacha agus idir na seirbhísí réigiúnacha freisin, agus tríd an malartú faisnéise a chomhordú. Na hoibrithe sin ar mian leo gluaiseacht, ba cheart iad a chur ar an eolas go rialta faoi na dálaí maireachtála agus oibre.

↓ 1612/68 aithris 8 (oiriúnaithe)

- (9) Tá dlúthnaisc ann cheana idir saorghluaiseacht oibrithe, fostaíocht agus gairmoiliúint, go háirithe nuair is é is aidhm don ghairmoiliúint é a chur ar chumas oibrithe glacadh le tairiscintí fostaíochta ó réigiúin eile san Aontas. Fágann naisc den sórt sin nach ceart fadhbanna a eascraíonn sa chomhthéacs seo a scrúdú astu féin a thuilleadh ach ar bhonn idirspiléach; ba cheart aird a thabhairt freisin ar na fadhbanna a bhaineann leis an bhfostaíocht ar an leibhéal réigiúnach agus is gá, dá bhrí sin, iarrachtaí na mBallstát a threorú i dtreo chomhordú a gcuid beartas fostaíochta,

↓ 1612/68 (oiriúnaithe)

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FOSTAÍOCHT, CÓIR CHOMHIONANN AGUS TEAGHLAIGH NA nOIBRITHE

↓ 1612/68

ROINN 1

INCHÁILITHEACHT LE hAGHAIDH FOSTAÍOCHTA

Airteagal 1

1. Beidh sé de cheart ag aon náisiúnach de Bhallstát, is cuma cén áit chónaithe atá aige, dul i mbun gníomhaíochta mar dhuine fostaithe, agus an ghníomhaíocht sin a shaothrú, laistigh de chríoch Ballstáit eile i gcomhréir leis na forálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin a bhfuil fostaíocht náisiúnaigh an Stáit sin faoina rialú.

2. Beidh sé de cheart aige, go háirithe, dul i mbun fostaíochta atá le fáil ar chríoch Ballstáit eile agus an tosaíocht chéanna a bheith aige is atá ag náisiúnaigh an Stáit sin.

Airteagal 2

Féadfaidh aon náisiúnach de Bhallstát agus aon fhostóir atá ag saothrú gníomhaíochta ar chríoch Ballstáit a n-iarratais ar fhostaíocht agus a dtairiscintí fostaíochta a mhalartú, agus féadfaidh siad conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích agus a chomhlíonadh i gcomhréir leis na forálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin atá i bhfeidhm, gan aon idirdhealú a thiocfadh as sin.

Airteagal 3

1. Faoin Rialachán seo, ní bheidh feidhm maidir leis na cásanna seo a leanas ag na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin ná ag na cleachtais riaracháin atá i bhfeidhm i mBallstát:

- (a) i gcás ina gcuirtear teorainn ar thairiscintí fostaíochta nó ar iarratais ar fhostaíocht, nó ar an gceart atá ag náisiúnaigh choigríche dul i mbun fostaíochta nó fostaíocht a shaothrú nó coinníollacha nach bhfuil infheidhme maidir le náisiúnaigh an Stáit féin a cheangal ar na gníomhaíochtaí sin; nó
- (b) más rud é, fiú is gur cuma faoi náisiúntacht agus iad á gcur i bhfeidhm, gurb é an aidhm eisiach nó phríomha nó an éifeacht eisiach nó phríomha leo náisiúnaigh ó Bhallstáit eile a choinneáil ón bhfostaíocht arna tairiscint.

↓ 1612/68 (oiriúnaithe)

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir leis na coinníollacha a bhaineann le heolas ar theangacha a mbeadh gá leis de bharr nádúr an fholúntais atá le líonadh.

↓ 1612/68

2. Áireofar, go háirithe, i bhforálacha nó i gcleachtais Ballstáit dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 na forálacha nó na cleachtais:

- (a) lena bhforordaítear nós imeachta speisialta earcaíochta do náisiúnaigh choigríche;
- (b) lena dteorannaítear nó lena gcuirtear srian ar fholúntais a fhógairt sna nuachtáin nó trí aon mheán eile nó lena gceanglaítear coinníollacha seachas na coinníollacha sin atá infheidhme maidir le fhostóirí atá ag saothrú a ngníomhaíochtaí ar chríoch an Bhallstáit sin;
- (c) lena gceanglaítear incháilitheacht le haghaidh fostaíochta leis na coinníollacha cláráithe in oifigí fostaíochta nó lena gcuirtear bac ar oibrithe aonair a earcú, má bhaineann an méid sin le daoine nach bhfuil cónaí orthu ar chríoch an Stáit sin.

Airteagal 4

1. Ní bheidh feidhm maidir le náisiúnaigh ó Bhallstáit eile ag forálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin na mBallstát lena gcuirtear srian, bunaithe ar líon nó ar chéatadán, ar náisiúnaigh choigríche a fhostú in aon ghnóthas, in aon bhrainse gníomhaíochta nó in aon réigiún, nó ar an leibhéal náisiúnta.

↓ 1612/68 (oiriúnaithe)

2. Más rud é, i mBallstát, go bhfuil aon sochar a thugtar do ghnóthais faoi réir céatadán íosta d'oibrithe náisiúnta a bheith fostaithe, déanfar náisiúnaigh ó na Ballstáit eile a chomhaireamh mar oibrithe náisiúnta, faoi réir fhorálacha Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹.

Airteagal 5

Gheobhaidh náisiúnach de Bhallstát a lorgóidh fostaíocht ar chríoch Ballstáit eile an cúnamh céanna sa Stát sin is a thugann a oifigí fostaíochta dá náisiúnaigh féin agus iad ag lorg fostaíochta.

↓ 1612/68

Airteagal 6

1. Ní bheidh fostú ná earcú náisiúnach de Bhallstát d'fholúntas i mBallstát eile ag brath ar chritéir leighis, ar chritéir ghairme ná ar chritéir eile a bheadh idirdhealaitheach ar fhorais náisiúntachta i gcomparáid leis na critéir a chuirtear i bhfeidhm ar náisiúnaigh ó na Ballstáit eile ar mian leo an ghníomhaíocht chéanna a shaothrú.

↓ 1612/68 (oiriúnaithe)

2. Aon náisiúnach a bhfuil tairiscint ina ainm faighte aige ó fhostóir i mBallstát nach ionann é agus an Ballstát inar náisiúnach é an duine sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh air triail ghairme a dhéanamh, má iarrann an fhostóir é go sainráite le linn dó an tairiscint fostaíochta a thabhairt.

⁹ IO L 255, 30.9.2005, lch. 22.

ROINN 2

FOSTAÍOCHT AGUS CÓIR CHOMHIONANN

Airteagal 7

1. Ní fhéadfar cóir nach ionann í agus an chóir a chuirtear ar oibrithe náisiúnta Ballstáit a chur ar oibrí ar náisiúnach de Bhallstát eile é, agus é ar chríoch an chéad Bhallstáit sin, ar fhorais náisiúntachta maidir le haon choinníollacha fostaíochta agus oibre, go háirithe maidir le luach saothair, dífhostú, agus i gcás ina mbeidh sé dífhostaithe, maidir le haischur nó le hathfhostú.
2. Beidh na buntáistí céanna sóisialta agus cánach aige is atá ag oibrithe náisiúnta.
3. De bhua an chirt chéanna agus faoi na coinníollacha céanna is atá ag oibrithe náisiúnta, beidh fáil aige freisin ar oiliúint i ngairmscoileanna agus in ionaid athoiliúna.
4. Aon chlásal de chomhaontú comhchoiteann nó de chomhaontú aonair nó aon chlásal d'aon rialachán comhchoiteann eile a bhaineann le hincháilitheacht le haghaidh fostaíochta, luach saothair nó dálaí eile oibre nó dífhostaithe, beidh sé ar neamhní a mhéid a leagtar síos leis nó a údaraítear leis coinníollacha idirdhealaitheacha maidir le hoibrithe ar náisiúnaigh de na Ballstáit eile iad.

Airteagal 8

Beidh ag oibrí ar náisiúnach de Bhallstát é agus atá fostaithe ar chríoch Ballstáit eile cóir chomhionann maidir le ballraíocht i gceardchumann agus le feidhmiú na gceart a ghabhann leis an mballraíocht sin, lena n-áirítear ceart vótála →₁ agus incháilitheacht le haghaidh folúntas riaracháin nó bainistíochta i gceardchumann ←. Féadfar é a eisiamh ó pháirt a ghlacadh i mbainistiú comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí agus ó bheith i seilbh oifige arna rialú ag an dlí poiblí. Thairis sin, beidh ceart incháilitheachta aige le haghaidh comhlachtaí ionadaíocha na n-oibrithe atá sa ghnóthas.

Ní dhéanfaidh an chéad fhomhír den Airteagal seo aon difear do dhlíthe nó do rialacháin i mBallstáit áirithe a thugann cearta níos forleithne d'oibrithe a thagann as Ballstáit eile.

Airteagal 9

1. I gcás cúrsaí tithíochta, lena n-áirítear úinéireacht ar na tithe a bhfuil gá aige leo, beidh na cearta agus na sochair go léir a thugtar do na hoibrithe náisiúnta ag oibrí ar náisiúnach Ballstáit é agus atá fostaithe ar chríoch Ballstáit eile.

2. Féadfaidh oibrí dá dtagraítear i mír 1, a bhfuil an ceart céanna aige is atá ag náisiúnaigh, a ainm a chur leis na liostaí tithíochta sa réigiún ina bhfuil sé fostaithe, i gcás ina bhfuil liostaí den sórt sin ann agus beidh na sochair agus na tosaíochtaí a eascraíonn astu aige.

↓ 1612/68

Más rud é gur fhan a theaghlach sa tír as ar tháinig sé, measfar chun na críche sin go bhfuil cónaí orthu sa réigiún sin, i gcás ina mbaineann na hoibrithe náisiúnta leas as toimhde dá samhail.

ROINN 3

TEAGHLAIGH NA nOIBRITHE

Airteagal 10

Déanfar leanaí náisiúnaigh Ballstáit atá nó a bhí fostaithe ar chríoch Ballstáit eile a ghlacadh ar chúrsaí ginearálta oideachais, printíseachta agus gairmoiliúna an Stáit sin faoi na coinníollacha céanna is atá i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh an Stáit sin, más rud é go bhfuil cónaí ar na leanaí sin ar a chríoch.

Déanfaidh na Ballstáit gach iarracht a spreagadh chun go bhféadfaidh na leanaí sin freastal ar na cúrsaí sin faoi na coinníollacha is fearr is féidir.

CAIBIDIL II

FOLÚNTAIS AGUS IARRATAIS AR FHOSTAÍOCHT A IMRÉITEACH

ROINN 1

COMHAR IDIR NA BALLSTÁIT AGUS LEIS AN gCOIMISIÚN

Airteagal 11

↓ 1612/68 (oiriúnaithe)

1. Déanfaidh na Ballstáit nó an Coimisiún aon staidéar ar fhostaíocht nó ar dhífhostaíocht a mheasann siad a bhfuil gá leis ar mhaithe le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Aontas a thionscnamh nó é a dhéanamh le chéile.

↓ 1612/68

Comhoibreoidh lárshairbhísí fostaíochta na mBallstát go dlúth le chéile agus leis an gCoimisiún ar mhaithe le comhghníomhú maidir le folúntais agus iarratais ar fhostaíocht laistigh den Aontas a imréiteach agus, dá thoradh sin, oibrithe a chur i bhfostaíocht.

↓ 1612/68 (oiriúnaithe)

2. Chun na críche sin, ainmneoidh na Ballstáit sainseirbhísí a dtabharfar de chúram dóibh an obair sna réimsí dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 1 a eagrú agus comhoibriú le chéile agus le ranna an Choimisiúin.

↓ 1612/68

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon athrú ar ainmniúchán sainseirbhísí den sórt sin agus foilseoidh an Coimisiún mionsonraí ina dtaobh chun críche faisnéise in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 12

1. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis faoi fhadhbanna a eascraíonn i dtaobh shaorghluaiseacht agus fhostú oibrithe agus sonraí maidir le staid agus le forbairt na fostaíochta a chur chuig an gCoimisiún.

↓ 2434/92 Airt. 1 pointe 2, an dara fomhír (oiriúnaithe)

2. Is é an Coimisiún a chinnfidh an tslí ina dtarraingeofar suas an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus, á dhéanamh sin aige, tabharfaidh sé lánaird ar an tuairim ón gCoiste Teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 29.

↓ 1612/68 (oiriúnaithe)
→₁ 2434/92 Airt. 1 pointe 2, an tríú fomhír (oiriúnaithe)

3. I gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos ag an gCoimisiún, déanfaidh an tsainseirbhís i ngach Ballstát ar leith an fhaisnéis sin a bhaineann le dálaí maireachtála agus oibre agus le staid an mhargaidh saothair sna Ballstáit éagsúla is dóigh a bheidh ina treoir d'oibrithe ó Bhallstáit eile, a chur chuig sainseirbhísí na mBallstát eile agus chuig an Oifig Eorpach um Chomhordú dá dtagraítear in Airteagal 18, →₁ agus á dhéanamh sin acu, tabharfaidh siad lánaird ar an tuairim ón gCoiste Teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 29. ← Déanfar faisnéis den sórt sin a thabhairt chun dáta go rialta.

↓ 1612/68

Áiritheoidh sainseirbhísí na mBallstát eile go ndéanfar faisnéis den sórt sin a phoiblíú go forleathan, go háirithe trína scaipeadh ar na seirbhísí fostaíochta cuí agus trí na modhanna cumarsáide fóirsteanacha ar fad chun na hoibrithe lena mbaineann a chur ar an eolas.

ROINN 2

AN CÓRAS IMRÉITIGH FOLÚNTAS

↓ 2434/92 Airt. 1 pointe 3 (oiriúnaithe)

Airteagal 13

1. Déanfaidh an tsainseirbhís i ngach Ballstát ar leith an t-eolas seo a leanas a chur go rialta chuig na sainseirbhísí sna Ballstáit eile agus chuig an Oifig Eorpach um Chomhordú dá dtagraítear in Airteagal 18:

↓ 2434/92 Airt. 1 pointe 3

(a) mionsonraí na bhfolúntas sin a bhféadfadh náisiúnaigh ó Bhallstáit eile iad a líonadh;

↓ 2434/92 Airt. 1 pointe 3 (oiriúnaithe)

(b) mionsonraí na bhfolúntas sin atá dírithe ar thríú tíortha;

↓ 2434/92 Airt. 1 pointe 3

(c) mionsonraí na n-iarratas ar fhostaíocht ó dhaoine a thug le fios go foirmiúil gur mian leo oibriú i mBallstát eile;

(d) faisnéis, de réir réigiúin agus de réir brainse ghníomhaíochta, faoi na hiarratasóirí sin a dhearbhaigh go bhfuil siad toilteanach glacadh le fostaíocht i dtír eile.

A luaithe agus is féidir, cuirfidh an tsainseirbhís i ngach Ballstát ar leith an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig na seirbhísí fostaíochta agus na gníomhaireachtaí fostaíochta iomchuí.

↓ 2434/92 Airt. 1 pointe 3 (oiriúnaithe)

2. Scaipfear mionsonraí na bhfolúntas agus na n-iarratas dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le córas aonfhoirmeach a bhunóidh an Oifig Eorpach um Chomhordú, dá dtagraítear in Airteagal 18, i gcomhar leis an gCoiste Teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 29.

Féadfar an córas sin a chur in oiriúint, más gá, i gcomhréir leis an nós imeachta céanna.

↓ 2434/92 Airt. 1 pointe 4

Airteagal 14

1. Déanfar aon fholúntas de réir bhrí Airteagal 13 ar cuireadh na seirbhísí fostaíochta i mBallstát ar an eolas faoi a fhógairt do na seirbhísí fostaíochta inniúla sna Ballstáit eile lena mbaineann agus déanfaidh na seirbhísí deireanacha sin an folúntas a phróiseáil.

Cuirfidh seirbhísí den sórt sin mionsonraí na n-iarratas oiriúnach ar aghaidh chuig na seirbhísí sa chéad Bhallstát.

2. Tabharfaidh na seirbhísí ábhartha sna Ballstáit freagra ar na hiarratais ar fhostaíocht dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(c) laistigh de thréimhse réasúnta nach faide ná aon mhí amháin.

↓ 2434/92 Airt. 1 pointe 4
(oiriúnaithe)

3. Tabharfaidh na seirbhísí fostaíochta an tosaíocht chéanna do na hoibrithe sin ar náisiúnaigh de Bhallstáit iad agus a thugann na bearta ábhartha do náisiúnaigh i leith oibrithe ó thríú tíortha.

↓ 1612/68

Airteagal 15

1. Is iad na sainseirbhísí a chuirfidh forálacha Airteagal 14 chun feidhme. Mar sin féin, a mhéid a bhfuil siad údaraithe ag na seirbhísí lárnacha agus a mhéid is féidir de bharr eagrú sheirbhísí fostaíochta Ballstáit agus de bharr na dteicnící atá in úsáid chun oibrithe a chur i bhfostaíocht:

(a) déanfaidh seirbhísí fostaíochta réigiúnacha na mBallstát:

↓ 1612/68 (oiriúnaithe)
→₁ 2434/92 Airt. 1 pointe 5, an dara fomhír (oiriúnaithe)

- (i) folúntais agus iarratais ar fhostaíocht a chruinniú le chéile agus a imréiteach, bunaithe ar fhaisnéis →₁ ← dá dtagraítear in Airteagal 13 a ndéanfar beart iomchuí ina leith;

(ii) caidreamh díreach a bhunú le haghaidh imréitigh sna cásanna seo a leanas:

- folúntais arna dtairiscint d'oibrí ainmnithe;
- iarratais aonair ar fhostaíocht arna gcur chuig seirbhís fostaíochta shonrach nó chuig fostóir atá ag saothrú a ghníomhaíochta laistigh den réimse atá clúdaithe ag seirbhís den sórt sin;
- má bhaineann na hoibríochtaí imréitigh le hoibrithe séasúracha nach foláir a earcú a luaithé is féidir;

(b) déanfaidh na seirbhísí a bhfuil freagracht chríochach orthu as réigiúin teorann in dhá Bhallstát nó níos mó sonraí a bhaineann le folúntais agus le hiarratais ar fhostaíocht ina limistéar a mhalartú go rialta agus, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis na socruithe atá acu leis na seirbhísí eile fostaíochta ina dtíortha, déanfaidh siad folúntais agus iarratais ar fhostaíocht a chruinniú le chéile agus a imréiteach.

Bunóidh na seirbhísí a bhfuil freagracht chríochach orthu as réigiúin teorann struchtúir ar mhaithe le comhordú agus le seirbhís, más gá sin, agus déanfaidh na struchtúir sin an méid seo a leanas:

- cuirfidh siad a oiread faisnéise praiticiúla agus is féidir ar fáil d'úsáideoirí faoi na gnéithe éagsúla den shoghluaisteacht, agus
- cuirfidh siad creatchóras de bhearta comhordúcháin a bhaineann leis an tsoghluaisteacht ar fáil do lucht bainistíochta, do lucht saothair, do na seirbhísí sóisialta (go háirithe seirbhísí poiblí, príobháideacha agus seirbhísí atá ar mhaithe le leas an phobail) agus do na hinstiúidí ar fad lena mbaineann;

(c) comhoibreoidh na seirbhísí fostaíochta oifigiúla a bhfuil sainchúram gairmeacha áirithe nó catagóirí áirithe daoine orthu as lámha a chéile.

2. Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann an liosta de na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1, agus a tarraingíodh suas de thoil a chéile, a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus foilseoidh an Coimisiún an liosta sin chun críche faisnéise, agus aon leasú a dhéanfar air, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 16

Ní bheidh sé de cheangal na nósanna imeachta earcaíochta arna gcur i bhfeidhm ag na comhlachtaí cur chun feidhme dá bhforáiltear faoi chomhaontuithe a tugadh i gcrích idir dhá Bhallstát nó níos mó a ghlacadh.

ROINN 3

BEARTA CHUN COTHROMAÍOCHT AN MHARGAIDH SAOTHAIR A RIALÚ

Airteagal 17

↓ 2434/92 Airt. 1 pointe 6, an chéad fhomhír

1. Ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún arna tarraingt suas bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit, oibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún i gcomhar le chéile chun anailís a dhéanamh, uair sa bhliain ar a laghad, ar na torthaí ar shocruithe an Aontais maidir le folúntais agus le hiarratais.

↓ 1612/68

2. Scrúdóidh na Ballstáit i gcomhar leis an gCoimisiún na deiseanna ar fad maidir le tosaíocht a thabhairt do náisiúnaigh na mBallstát agus folúntais á líonadh d'fhonn cothromaíocht idir na folúntais agus na hiarratais ar fhostaíocht laistigh den Aontas a bhaint amach. Glacfaidh siad na bearta ar fad is gá chun na críche sin.

↓ 2434/92 Airt. 1 pointe 6, an dara fhomhír

3. Tar éis gach tréimhse dhá bhliain, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar chur chun feidhme Chaibidil II den Rialachán seo, agus tabharfar achoimre sa tuarascáil sin ar an bhfaisnéis a bhí ag teastáil agus ar na sonraí a fuarthas ó na staidéir agus ón taighde a rinneadh agus cuirfear béim ar aon phointí úsáideacha maidir le forbairt ar mhargadh saothair an Aontais.

ROINN 4

AN OIFIG EORPACH UM CHOMHORDÚ

Airteagal 18

Is é an cúram ginearálta a bheidh ar an Oifig Eorpach um Chomhordú Imréiteach na bhFolúntas agus na nIarratas ar Fhostaíocht, a bhunaítear laistigh den Choimisiún (dá ngairtear "an Oifig Eorpach um Chomhordú" sa Rialachán seo) imréiteach folúntas ar leibhéal an Aontais a chur chun cinn. Beidh freagracht ar an Oifig go háirithe as na cúraimí teicniúla ar fad sa réimse seo, cúraimí a shanntar don Choimisiún faoi fhorálacha an Rialacháin seo, agus go speisialta as cúnamh a thabhairt do na seirbhísí fostaíochta náisiúnta.

Déanfaidh sí achoimre ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 12 agus Airteagal 13 agus ar na sonraí a thig as na staidéir agus as na taighde a dhéantar de bhun Airteagal 11, d'fhonn aon fhórais úsáideacha faoi fhorbairt is féidir a thuar ar mhargadh saothair an Aontais a thabhairt chun suntais; cuirfear na fórais sin in iúl do shainseirbhísí na mBallstát agus don Choiste Comhairleach, dá dtagraítear in Airteagal 21, agus don Choiste Teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 29.

Airteagal 19

1. Beidh freagracht ar an Oifig Eorpach um Chomhordú as an méid seo a leanas go háirithe:

- (a) comhordú ar na bearta praiticiúla is gá chun folúntais a imréiteach ar leibhéal an Aontais agus chun anailís a dhéanamh ar na gluaiseachtaí oibrithe a thig astu;

- (b) rannchuidiú leis na cuspóirí sin trí chómhodhanna gníomhaíochta ar an leibhéal riaracháin agus ar an leibhéal teicniúil a chur chun feidhme i gcomhar leis an gCoiste Teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 29;

- (c) folúntais agus iarratais ar fhostaíocht a chruinniú le chéile, i gcás ina bhfuil riachtanas speisialta ann, agus i gcomhaontú leis na sainseirbhísí, chun go ndéanfaidh na sainseirbhísí sin iad a imréiteach.

2. Cuirfidh sí na folúntais agus na hiarratais ar fhostaíocht a cuireadh díreach chuig an gCoimisiún in iúl do na sainseirbhísí agus cuirfear an Oifig ar an eolas faoi na bearta a rinneadh ina leith.

Airteagal 20

↓ 1612/68 (oiriúnaithe)

Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhaontú le húdarás inniúil gach Ballstáit, agus i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a chinnfidh sé ar bhonn na Tuairime ón gCoiste Teicniúil, dá dtagraítear in Airteagal 29, cuairteanna agus tascanna a eagrú d'oifigigh na mBallstát eile, agus ardchláir le haghaidh speisialtóirí atá san fhoireann a eagrú freisin.

↓ 1612/68

CAIBIDIL III

COISTÍ LENA nÁIRITHE OFAR DLÚTHCHOMHAR IDIR NA BALLSTÁIT IN ÁBHAR A BHAINNEANN LE SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE AGUS LENA bhFOSTAÍOCHT

ROINN 1

AN COISTE COMHAIRLEACH

Airteagal 21

Beidh sé de fhreagracht ar an gCoiste Comhairleach cúnamh a thabhairt don Choimisiún le linn don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar aon cheisteanna a thig as cur i bhfeidhm an Chonartha agus na mbeart arna ndéanamh dá bhun, in ábhar a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe agus lena bhfostaíocht.

Airteagal 22

Beidh freagracht ar an gCoiste Comhairleach as an méid seo a leanas go háirithe:

- (a) iniúchadh a dhéanamh ar fhadhbanna a bhaineann le saoirse ghluaiseachta agus le fostaíocht faoi chuimsiú beartas náisiúnta lucht saothair, d'fhonn beartais fostaíochta

na mBallstát a chomhordú ar leibhéal an Aontais, agus sa tslí sin rannchuidiú le forbairt na ngeilleagar agus le cothromaíocht níos fearr sa mhargadh saothair;

- (b) staidéar ginearálta a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhainfeadh leis an Rialachán seo agus le haon bhearta forlíontacha a chur chun feidhme;
- (c) aon tograí réasúnaithe le haghaidh athbhreithniú ar an Rialachán seo a thíolacadh don Choimisiún;
- (d) tuairimí réasúnaithe a thabhairt, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún nó ar a thionscnamh féin, ar cheisteanna ginearálta nó ar cheisteanna prionsabail, go háirithe maidir le malartú faisnéise a bhaineann le forbairt sa mhargadh saothair, le gluaiseacht oibrithe idir Ballstáit, le cláir nó bearta chun gairmthreoir agus gairmoiliúint a fhorbairt lena bhféadfaí na deiseanna saorghluaiseachta agus fostaíochta a mhéadú, agus le gach cineál cúnamh d'oibrithe agus dá dteaghlaigh, lena n-áirítear cúnamh sóisialta agus tithíocht.

Airteagal 23

1. Beidh sé chomhalta as gach Ballstát ar an gCoiste Comhairleach: dhá chomhalta a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an Rialtais, dhá chomhalta ó na ceardchumann agus dhá chomhalta ó chomhlachais na bhfostóirí.

2. Ceapfaidh gach Ballstát malartach amháin le haghaidh gach ceann de na catagóirí dá dtagraítear i mír 1.

3. Dhá bhliain a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Choiste agus a malartach. Féadfar na ceapacháin sin a athnuachan.

Nuair a rachaidh a dtéarma oifige in éag, fanfaidh na comhaltaí agus a malartaigh in oifig go dtí go dtiocfaidh duine eile ina n-ionad nó go dtí go ndéanfar a gceapacháin a athnuachan.

Airteagal 24

Is í an Chomhairle a cheapfaidh comhaltaí an Choiste Chomhairligh agus a malartaigh agus déanfaidh sí gach iarracht, le linn di ionadaithe a roghnú ó na ceardchumann agus ó chomhlachais na bhfostóirí, ionadaíocht leormhaith a bhaint amach ar an gCoiste do na hearnálacha éagsúla lena mbaineann den gheilleagar.

Foilseoidh an Chomhairle, chun críocha faisnéise, liosta de na comhaltaí agus dá malartach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

↓ 1612/68 (oiriúnaithe)

Airteagal 25

Beidh comhalta de chuid an Choimisiúin nó a ionadaí ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach. Ní bheidh vóta ag an gCathaoirleach. Tiocfaidh an Coiste le chéile

faoi dhó sa bhliain ar a laghad. Is é an Cathaoirleach a thionólfaidh an Coiste, ar thionscnamh an Chathaoirligh féin nó ar iarratas ó aon trian dá chomhaltaí ar a laghad.

Cuirfidh an Coimisiún seirbhísí rúnaíochta ar fáil don Choiste.

↓ 1612/68

Airteagal 26

Féadfaidh an Cathaoirleach a iarraidh ar dhaoine aonair nó ar ionadaithe ó chomhlachtaí a bhfuil taithí fhairsing acu i réimse na fostaíochta nó i réimse na saorghluaiseachta oibrithe páirt a ghlacadh sna cruinnithe i gcáil breathnóirí nó i gcáil saineolaithe. Féadfaidh an Cathaoirleach cúnamh a fháil ó shainchomhairleoirí.

Airteagal 27

1. Ní bheidh aon tuairim ón gCoiste bailí mura mbeidh dhá thrían de chomhaltaí an Choiste i láthair.

2. Luafar sna tuairimí na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe; tabharfar na tuairimí trí thromlach glan de na vótaí a chaitear; beidh ráiteas i scríbhinn ar dhearcadh an mhionlaigh, má iarann an mionlach amhlaidh, ag gabháil leis na tuairimí.

Airteagal 28

Bunóidh an Coiste Comhairleach a chuid modhanna oibre trí rialacha nós imeachta a thiocfaidh i bhfeidhm a luaithe a dhéanfaidh an Chomhairle, tar éis di tuairim a fháil ón gCoimisiún, formheas a thabhairt. Beidh teacht i bhfeidhm aon leasaithe a chinnfidh an Coiste ina leith sin faoi réir an nós imeachta céanna.

ROINN 2

AN COISTE TEICNIÚIL

Airteagal 29

Beidh sé de fhreagracht ar an gCoiste Teicniúil cúnamh a thabhairt don Choimisiún an obair theicniúil ar fad agus na bearta a thugann éifeacht don Rialachán seo agus aon bhearta forlíontacha a ullmhú, a chur chun cinn agus aon obair leantach maidir leo a dhéanamh.

Airteagal 30

Beidh an Coiste Teicniúil freagrach as an méid seo a leanas go háirithe:

- (a) comhar idir na húdaráis phoiblí lena mbaineann sna Ballstáit i dtaobh na gceisteanna teicniúla ar fad a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe agus lena bhfostaíocht a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh;
- (b) nósanna imeachta a cheapadh chun comhghníomhaíochtaí na n-údarás poiblí lena mbaineann a eagrú;
- (c) bailiú faisnéise is dócha a bheidh úsáideach don Choimisiún agus do na staidéir agus don taighde dá bhforáiltear sa Rialachán seo a éascú, agus malartú faisnéise agus taithí idir na comhlachtaí riaracháin lena mbaineann a spreagadh;
- (d) comhchuibhiú na gcritéar faoina ndéanann na Ballstáit measúnú ar an staid ina bhfuil na margáí saothair iontu a scrúdú ar leibhéal teicniúil.

Airteagal 31

1. Is ionadaithe thar ceann Rialtais na mBallstát a bheidh ar an gCoiste Teicniúil. Déanfaidh gach Rialtas comhalta amháin a dhéanann ionadaíocht thar a cheann ar an gCoiste Comhairleach a cheapadh ina chomhalta ar an gCoiste Teicniúil.

2. Déanfaidh gach Rialtas malartach amháin as measc a chuid ionadaithe eile ar an gCoiste Comhairleach – comhaltaí nó malartaigh – a cheapadh freisin ar an gCoiste Teicniúil.

Airteagal 32

Beidh comhalta de chuid an Choimisiúin nó a ionadaí ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar an gCoiste Teicniúil. Ní bheidh vóta ag an gCathaoirleach. Féadfaidh an Cathaoirleach agus comhaltaí an Choiste cúnamh a fháil ó shainchomhairleoirí.

Cuirfidh an Coimisiún seirbhísí rúnaíochta ar fáil don Choiste.

Airteagal 33

Déanfar na tograí agus na tuairimí a cheapfaidh an Coiste Teicniúil a thíolacadh don Choimisiún, agus cuirfear an Coiste Comhairleach ar an eolas fúthu. Beidh ráiteas i scríbhinn ar dhearcadh chomhaltaí éagsúla an Choiste Teicniúil ag gabháil le haon tograí nó tuairimí den sórt sin, má iarann an Coiste Teicniúil amhlaidh.

Airteagal 34

Bunóidh an Coiste Teicniúil a chuid modhanna oibre trí rialacha nós imeachta a thiocfaidh i bhfeidhm a luaithe a dhéanfaidh an Chomhairle, tar éis di tuairim a fháil ón gCoimisiún, formheas a thabhairt. Beidh teacht i bhfeidhm aon leasaithe a chinnfidh an Coiste ina leith sin faoi réir an nós imeachta céanna.

CAIBIDIL IV

↓ 1612/68 (oiriúnaithe)

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 35

Leanfaidh rialacha nós imeachta an Choiste Chomhairligh agus an Choiste Theicniúil a tháinig i bhfeidhm an 8 Samhain 1968 d'fheidhm a bheith acu.

Airteagal 36

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo aon difear d'fhorálacha sin an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a bhaineann le hincháilitheacht le haghaidh fostaíochta oilte i réimse an fhuinnimh núicléach, ná d'aon bhearta eile a glacadh de bhun an Chonartha sin.

Mar sin féin, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an gcatagóir oibrithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus le baill a dteaghlach a mhéid nach bhfuil a seasamh dlí faoi rialú an Chonartha nó na mbeart thuasluaite.

2. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo aon difear do bhearta a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 48 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

3. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo aon difear d'oibleagáidí na mBallstát a thig as caidreamh speisialta nó as comhaontuithe amach anseo le tíortha nó le críocha áirithe neamh-Eorpacha, bunaithe ar cheangail institiúideacha a bhí ann an 8 Samhain 1968, nó a thig as comhaontuithe a bhí ann an 8 Samhain 1968 le tíortha nó le críocha áirithe neamh-Eorpacha, bunaithe ar cheangail insitiúideacha eatarthu.

↓ 1612/68

Ní dhéanfaidh oibrithe ó thíortha nó ó chríocha den sórt sin atá ag saothrú gníomhaíochtaí mar dhaoine fostaithe, i gcomhréir leis an bhforáil seo, ar chríoch cheann de na Ballstáit sin leas a bhaint as fhorálacha an Rialacháin seo ar chríoch na mBallstát eile.

Airteagal 37

Chun críocha faisnéise, déanfaidh na Ballstáit téacsanna na gcomhaontuithe, na gcoinbhinsiún agus na socruithe arna dtabhairt i gcrích acu i gcomhpháirt i réimse an lucht saothair a chur in iúl don Choimisiún idir an lá a shíneofar iad agus an lá a thiocfaidh siad i bhfeidhm.

Airteagal 38

Glacfaidh an Coimisiún bearta de bhun an Rialacháin seo ar mhaithe lena chur chun feidhme. Chun na críche sin, gníomhóidh sé i ndlúthchomhar le lár-údaráis phoiblí na mBallstát.

↓ 1612/68 (oiriúnaithe)

Airteagal 39

Beidh an caiteachas riaracháin a bhaineann leis an gCoiste Comhairleach agus leis an gCoiste Teicniúil ar áireamh i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh sa roinn sin den bhuiséad a bhaineann leis an gCoimisiún.

Airteagal 40

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na Ballstáit agus lena gcuid náisiúnach, gan dochar d'Airteagal 2 agus Airteagal 3.

↓

Airteagal 41

Aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

↓ 1612/68 (oiriúnaithe)

Airteagal 42

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/sa [...],[...]

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
[...]

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
[...]



IARSCRÍBHINN I

An Rialachán aisghairthe agus liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh air

Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ón gComhairle
(IO L 257, 19.10.1968, lch. 2)

Rialachán (CEE) Uimh. 312/76 ón gComhairle
(IO L 39, 14.2.1976, lch. 2)

Rialachán (CEE) Uimh. 2434/92 ón gComhairle
(IO L 245, 26.8.1992, lch. 1)

Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Airteagal 38(1) amháin
(IO L 158, 30.4.2004, lch. 77. Leagan ceartaithe in
IO L 229, 29.6.2004, lch. 35)

IARSCRÍBHINN II

TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68	An Rialachán seo
Cuid I	Caibidil I
Teideal I	Roinn 1
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2	Airteagal 2
Airteagal 3(1), an chéad fhomhír	Airteagal 3(1), an chéad fhomhír
Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, an chéad fhleasc	Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointe (a)
Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, an dara fleasc	Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointe (b)
Airteagal 3(1), an dara fhomhír	Airteagal 3(1), an dara fhomhír
Airteagal 3(2)	Airteagal 3(2)
Airteagal 4	Airteagal 4
Airteagal 5	Airteagal 5
Airteagal 6	Airteagal 6
Teideal II	Roinn 2
Airteagal 7	Airteagal 7
Airteagal 8(1)	Airteagal 8
Airteagal 9	Airteagal 9
Teideal III	Roinn 3
Airteagal 12	Airteagal 10
Cuid II	Caibidil II
Teideal I	Roinn 1
Airteagal 13	Airteagal 11
Airteagal 14	Airteagal 12

Teideal II	Roinn 2
Airteagal 15	Airteagal 13
Airteagal 16	Airteagal 14
Airteagal 17	Airteagal 15
Airteagal 18	Airteagal 16
Teideal III	Roinn 3
Airteagal 19	Airteagal 17
Teideal IV	Roinn 4
Airteagal 21	Airteagal 18
Airteagal 22	Airteagal 19
Airteagal 23	Airteagal 20
Cuid III	Caibidil III
Teideal I	Roinn 1
Airteagal 24	Airteagal 21
Airteagal 25	Airteagal 22
Airteagal 26	Airteagal 23
Airteagal 27	Airteagal 24
Airteagal 28	Airteagal 25
Airteagal 29	Airteagal 26
Airteagal 30	Airteagal 27
Airteagal 31	Airteagal 28
Teideal II	Roinn 2
Airteagal 32	Airteagal 29
Airteagal 33	Airteagal 30
Airteagal 34	Airteagal 31
Airteagal 35	Airteagal 32
Airteagal 36	Airteagal 33

Airteagal 37	Airteagal 34
Cuid IV	Caibidil IV
Teideal I	---
Airteagal 38	---
Airteagal 39	Airteagal 35
Airteagal 40	---
Airteagal 41	---
Teideal II	---
Airteagal 42(1)	Airteagal 36(1)
Airteagal 42(2)	Airteagal 36(2)
Airteagal 42(3), an chéad fhomhír, an chéad fhleasc agus an dara fleasc	Airteagal 36(3), an chéad fhomhír
Airteagal 42(3), an dara fomhír	Airteagal 36(3), an dara fomhír
Airteagal 43	Airteagal 37
Airteagal 44	Airteagal 38
Airteagal 45	---
Airteagal 46	Airteagal 39
Airteagal 47	Airteagal 40
---	Airteagal 41
Airteagal 48	Airteagal 42
---	Iarscríbhinn I
---	Iarscríbhinn II